


# Óstán Tréigthe ar Inis Meáin

Eochairfhocail: foirgneamh, athchóiriú, lárionad, athoscailt, tionscnamh, oidhreacht

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Céard í an fhorbairt is suntasaí a fograíodh le déanaí a tharlóidh ar Inis Meáin sna míonna atá amach romhainn?
2. Cé mhéad seomra leapa atá in Óstán tréigthe Inis Meáin?
3. Cathain a dúnadh Óstán Inis Meáin?
4. Cad atá beartaithe anois maidir le todhchaí an fhoirgnimh sin?
5. Cad a rinne Úna Ní Fhlannagáin sa bhliain 2024?
6. Cén chabhair a cheapann Úna Ní Fhlannagáin a chuirfidh an lárionad cultúir ar fáil do mhuintir an oileáin?
7. An fios, ag an bpointe seo, cén costas iomlán a bheidh ar athoscailt an fhoirgnimh?
8. Cad a eascróidh as athoscailt an fhoirgnimh mar lárionad cultúir, dar le Paddy Ó Foghlú?
9. Cad iad na trí rud, a luaitear ag deireadh na míre, a dtabharfaidh an lárionad cultúir tús áite dóibh, dar le hÚna Ní Fhlannagáin?
10. Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar Inis Meáin? Cén fáth?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: léamhthuiscint ar Inis Meáin

Oileán beag 4 chiliméadar ar fad agus 2.5 ciliméadar ar leithead amach ó chósta na Gaillimhe atá in Inis Meáin. Tá sí ar cheann de na trí Oileán Árann. Ceantar láidir Gaeltachta atá san oileán agus mar sin is í an Ghaeilge teanga an phobail ar Inis Meáin. Cónaíonn thart ar dhá chéad duine ar Inis Meáin ó cheann ceann na bliana agus ar ndóigh tagann turasóirí ina ndronga chun an oileáin gach bliain, go háirithe i rith mhíonna an tsamhraidh. Is iad an turasóireacht, an iascaireacht agus an fheirmeoireacht na trí phríomhfhoinse fostaíochta ar Inis Meáin. Tá áiseanna maithe ar an oileán chomh maith, mar shampla, tá bunscoil, meánscoil, leabharlann, páirceanna spóirt, séipéal agus siopaí ann. Tá stair shaibhir seandálaíochta ar an oileán freisin. Go deimhin, tá roinnt mhaith séadchomharthaí náisiúnta ar an oileán, ina measc Dún Chonchuir, Teampall na Seacht Mac Rí, Dún Fearbhaí agus séadchomharthaí eile nach iad. Níl aon amhras faoi ach go bhfuil Inis Meáin ar cheann de na háiteanna is áille agus is aoibhne in Éirinn.

**Ceisteanna**

1. Cén contae in Éirinn ina bhfuil Inis Meáin?
2. Cad a tharlaíonn ar Inis Meáin i rith mhíonna an tsamhraidh?
3. Breac síos príomhfhoinse fostaíochta amháin atá ar an oileán.
4. Conas a thugtar le fios go bhfuil stair shaibhir seandálaíochta ag an oileán?
5. Aimsigh sampla amháin de logainm ón sliocht.
6. Aimsigh sampla amháin de shárchéim na haidiachta ón sliocht.
7. Aimsigh sampla amháin den tuiseal ginideach uatha d’ainmfhocal firinscneach ón sliocht.
8. Cén fáth, meas tú, a dtagann turasóirí ina ndronga chun an oileáin gach samhradh? Tabhair trí chúis.

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: Ríomhphost

**Cuardaigh íomhá ar líne d'Inis Meáin, íomhá a bhfuil áilleacht nádúrtha an oileáin le feiceáil inti. Déan cur síos ansin ar an íomhá atá roghnaithe agat. Is leor 70 focal nó mar sin don chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- iargúlta
- sceirdiúil
- carraigeacha agus clocha
- garraí / garraithe
- i lár an Atlantaigh
- teachíní teolaí
- radharc álainn ar chósta na Gaillimhe agus an Chláir
- bóithríní
- solas na gréine
- ag lonrú

Freagraí

1. Athchóiriú Óstán Inis Meáin
2. 10
3. 2013
4. Go n-osclófar é mar lárionad cultúir a chuirfidh an Ghaeilge, na healaíona agus oidhreacht bheo Inis Meáin chun cinn
5. Cheannaigh sí Óstán Inis Meáin/ an foirgneamh
6. Cuirfidh sé deiseanna fostaíochta ar fáil dóibh
7. Ní fios
8. Tuilleadh tionscnamh agus tuilleadh tionscnamh forbartha
9. An fhoghlaim, malartú smaointe agus cultúr an oileáin

1.Gaillimh
2.tagann na turasóirí ina sluaite
3. turasóireacht/iascaireacht/feirmeoireacht
4.tá a lán séadchomharthaí náisiúnta ann
5.Dún Chonchúir, Dún Fearbhaí, Inis Meáin, Teampall na Seacht Mac Rí, Éire
6. is áille, is aoibhne
7. ón sliocht. an phobail, an oileáin, an tsamhraidh, Chonchúir, Meáin

